2025/2216

5.11.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2216 ÓN gCOIMISIÚN

an 4 Samhain 2025

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2757 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí aigéid thríchlóraisicianúraigh de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, tar éis páirt-athbhreithniú eatramhach de bhun Airteagal 11(3) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ('an bun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 11(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Imscrúduithe a rinneadh roimhe seo agus bearta atá i bhfeidhm

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1631/2005 ([2]), d'fhorchuir an Chomhairle dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha ar allmhairí aigéid thríchlóraisicianúraigh de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tSín') agus Stáit Aontaithe Mheiriceá ('SAM'). An t-imscrúdú ar forchuireadh na bearta bunaidh mar thoradh air, gairfear 'an t-imscrúdú bunaidh' anseo feasta dó.

(2) I ndiaidh athbhreithniú eatramhach a dhéanamh de bhun Airteagal 11(3) den bhun-Rialachán, laghdaigh an Chomhairle an dleacht aonair is infheidhme maidir le Heze Huayi Chemical Co. Ltd. ('Heze Huayi') ó 14.1 % go 3.2 % le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 855/2010 ([3]).

(3) I ndiaidh athbhreithniú éaga ar na bearta a bhí teoranta d'allmhairí aigéid thríchlóraisicianúraigh de thionscnamh na Síne ('an chéad athbhreithniú éaga') a tionscnaíodh an 6 Deireadh Fómhair 2010, d'ath-fhorchuir an Chomhairle na dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha is infheidhme maidir le hallmhairí aigéid thríchlóraisicianúraigh de thionscnamh na Síne le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1389/2011 ([4]).

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21., http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1631/2005 ón gComhairle an 3 Deireadh Fómhair 2005 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí aigéid thríchlóraisicianúraigh de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus Stáit Aontaithe Mheiriceá (IO L 261, 7.10.2005, lch. 1, http://data.europa.eu/eli/reg/2005/1631/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 855/2010 ón gComhairle an 27 Meán Fómhair 2010 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1631/2005 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí aigéid thríchlóraisicianúraigh de thionscnamh, *inter alia*, Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 254, 29.9.2010, lch. 1, http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2010/855/oj).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1389/2011 ón gComhairle an 19 Nollaig 2011 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí aigéid thríchlóraisicianúraigh de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 (IO L 346, 30.12.2011, lch. 6, http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2011/1389/oj).

(4) An 28 Lúnasa 2013 agus an 1 Iúil 2014 faoi seach, thionscain an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') dhá athbhreithniú onnmhaireora nua de bhun Airteagal 11(4) den bhun-Rialachán. Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 569/2014 ([5]), d'fhorchuir an Coimisiún dleacht aonair 32,8 % ar aigéad tríchlóraisicianúrach arna monarú ag táirgeoir onnmhairiúcháin nua amháin de chuid na Síne ([6]). Tharraing an táirgeoir onnmhairiúcháin eile de chuid na Síne ([7]) a iarraidh siar go foirmiúil le linn an imscrúdaithe agus, dá bhrí sin, d'fhoirceann an Coimisiún an t-imscrúdú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/392 ([8]).

(5) I ndiaidh athbhreithniú éaga ('an dara hathbhreithniú éaga') a tionscnaíodh an 20 Nollaig 2016, d'ath-fhorchuir an Coimisiún bearta frithdhumpála cinntitheacha maidir le hallmhairí aigéid thríchlóraisicianúraigh de thionscnamh na Síne le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2230 ([9]).

(6) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1209 ón gCoimisiún ([10]), thionscain an Coimisiún trí athbhreithniú 'onnmhaireora nua' de bhun Airteagal 11(4) den bhun-Rialachán. An 13 Aibreán 2022, rinneadh an t-imscrúdú a fhoirceannadh le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/619 ón gCoimisiún ([11]).

(7) I ndiaidh athbhreithniú éaga ('an tríú hathbhreithniú éaga') a tionscnaíodh an 5 Nollaig 2022, d'ath-fhorchuir an Coimisiún bearta frithdhumpála cinntitheacha ar allmhairí aigéid thríchlóraisicianúraigh de thionscnamh na Síne le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2757 ([12]).

(8) An 31 Márta 2023, thionscain an Coimisiún trí athbhreithniú 'onnmhaireora nua' de bhun Airteagal 11(4) den bhun-Rialachán le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/712 ([13]). An 13 Nollaig 2023, rinneadh an t-imscrúdú a fhoirceannadh le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2766 ón gCoimisiún ([14]) tar éis don iarratasóir a iarraidh a tharraingt siar.

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 569/2014 ón gCoimisiún an 23 Bealtaine 2014 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1389/2011 ón gComhairle lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí aigéid thríchlóraisicianúraigh de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú onnmhaireora nua de bhun Airteagal 11(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle (IO L 157, 27.5.2014, lch. 80, http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2014/569/oj).

([6]) Liaocheng City Zhonglian Industry Co. Ltd.

([7]) Juancheng Kangtai Chemical Co. Ltd.

([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/392 ón gCoimisiún an 9 Márta 2015 lena bhfoirceanntar athbhreithniú onnmhaireora nua faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1389/2011 ón gComhairle lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí aigéid thríchlóraisicianúraigh de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, agus lena n-ath-fhorchuirtear an dleacht i ndáil le hallmhairí ón onnmhaireoir agus lena bhfoirceanntar clárú na n-allmhairí sin (IO L 65, 10.3.2015, lch. 18), http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/392/oj).

([9]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2230 ón gCoimisiún an 4 Nollaig 2017 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí aigéid thríchlóraisicianúraigh de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 319, 5.12.2017, lch. 10, http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2017/2230/oj).

([10]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1209 ón gCoimisiún an 22 Iúil 2021 lena dtionscnaítear athbhreithnithe "onnmhaireora nua" i ndáil le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2230 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí aigéid thríchlóraisicianúraigh de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, ar athbhreithnithe iad le haghaidh trí tháirgeoir onnmhairiúcháin de chuid na Síne, agus lena n-aisghairtear an dleacht a mhéid a bhaineann le hallmhairí ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin sin agus lena gcuirtear na hallmhairí sin faoi réir a gcláraithe (IO L 263, 23.7.2021, lch. 1, http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/1209/oj).

([11]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/619 ón gCoimisiún an 12 Aibreán 2022 lena bhfoirceanntar na hathbhreithnithe 'onnmhaireora nua' i ndáil le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2230 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí aigéid thríchlóraisicianúraigh de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, ar athbhreithnithe iad maidir le trí tháirgeoir onnmhairiúcháin de chuid na Síne, agus lena bhforchuirtear an dleacht i ndáil le hallmhairí na dtáirgeoirí sin agus lena bhfoirceanntar clárú na n-allmhairí sin (IO L 115, 13.4.2022, lch. 66, http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/619/oj).

([12]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2757 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2023 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí aigéid thríchlóraisicianúraigh de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga a dhéanamh de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2757/oj).

([13]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/712 ón gCoimisiún an 30 Márta 2023 lena dtionscnaítear athbhreithniú 'onnmhaireora nua' i ndáil le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2230 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí aigéid thríchlóraisicianúraigh de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, ar athbhreithniú é le haghaidh táirgeoir onnmhairiúcháin amháin de chuid na Síne, agus lena n-aisghairtear an dleacht maidir le hallmhairí ón táirgeoir onnmhairiúcháin sin agus lena gcuirtear na hallmhairí sin faoi réir a gcláraithe. http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/712/2023-12-15.

([14]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2766 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2023 lena bhfoirceanntar an t-athbhreithniú 'onnmhaireora nua' i ndáil le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2230 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí aigéid thríchlóraisicianúraigh de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, ar athbhreithniú é le haghaidh táirgeoir onnmhairiúcháin amháin de chuid na Síne, agus lena bhfoirceanntar clárú allmhairí an táirgeora onnmhairiúcháin sin. http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2766/oj.

(9) Tá na dleachtanna frithdhumpála aonair atá i bhfeidhm faoi láthair ar allmhairí aigéid thríchlóraisicianúraigh de thionscnamh na Síne idir 3.2 % agus 40.5 %. Is é 42.6 % an dleacht frithdhumpála is infheidhme maidir le gach táirgeoir onnmhairiúcháin eile.

1.2. **Iarraidh ar athbhreithniú eatramhach**

(10) Fuair an Coimisiún iarraidh ar athbhreithniú de bhun Airteagal 11(3) den bhun-Rialachán ([15]) ('an iarraidh').

(11) Is iad ERCROS S.A. agus Electroquímica de Hernani S.A. ('na hiarratasóirí') a chuir an iarraidh isteach an 19 Márta 2024 thar ceann thionscal aigéid thríchlóraisicianúraigh an Aontais de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán. Bhí raon feidhme na hiarrata ar athbhreithniú teoranta do scrúdú a dhéanamh ar dhumpáil. Bhí an iarraidh bunaithe ar fhianaise leordhóthanach arna soláthar ag na hiarratasóirí go bhfuil athrú tagtha, a mhéid a bhaineann le dumpáil, ar na himthosca ar ar a mbonn a forchuireadh na bearta atá ann faoi láthair agus go bhfuil na hathruithe sin de chineál marthanach. Go háirithe, mhaígh na hiarratasóirí gur tháinig fás mór ar thionscal aigéid thríchlóraisicianúraigh na Síne ó rinneadh an t-imscrúdú bunaidh ó thaobh líon tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne agus acmhainneachtaí táirgeachta an táirge lena mbaineann atá ann. Mhaígh na hiarratasóirí freisin go bhfuil méadú ar ró-acmhainneachtaí de chuid na Síne mar gheall ar mhéadú ar líon na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin Síneacha agus ó tharla sin amhlaidh go bhfuil laghdú tagtha ar phraghsanna mar gheall ar iomaíocht dhian ina measc. Sholáthair na hiarratasóirí fianaise gur mhéadaigh meánphraghas allmhairiúcháin na Síne isteach san Aontas de réir ráta níos ísle ná mar a mhéadaigh ráta boilscithe na Síne sa tréimhse chéanna, ó rinneadh an t-imscrúdú bunaidh.

1.3. **Athbhreithniú eatramhach a thionscnamh**

(12) An 6 Lúnasa 2024, thionscain an Coimisiún páirt-athbhreithniú eatramhach maidir le hallmhairí aigéid thríchlóraisicianúraigh de thionscnamh na Síne ([16]) de bhun Airteagal 11(3) den bhun-Rialachán. Tá raon feidhme an pháirt-athbhreithnithe eatramhaigh teoranta do scrúdú a dhéanamh ar dhumpáil.

1.3.1. *Barúlacha maidir leis an tionscnamh*

(13) An 12 Meán Fómhair 2024, chuir Hebei Jiheng Chemical Co. Ltd. ('Hebei Jiheng Group'), Heze Huayi agus Puyang Cleanway Chemicals Co. Ltd. ('Puyang Cleanway') barúlacha isteach, mar an Chomhghuaillíocht de Tháirgeoirí Onnmhairiúcháin Aigéid Thríchlóraisicianúraigh, maidir leis an iarraidh agus maidir le tionscnamh an athbhreithnithe. An 9 Nollaig 2024, thug na hiarratasóirí freagra ar na barúlacha sin. An 19 Nollaig 2024, chuir Hebei Jiheng, Heze Huayi agus Puyang Cleanway freagra isteach ar bharúlacha na n-iarratasóirí.

(14) Mhaígh an Grúpa Hebei Jiheng, Heze Huayi agus Puyang Cleanway, maidir leis na hargóintí agus na sonraí a chuir na hiarratasóirí isteach, 'nárbh údar iad le leanúint den athbhreithniú' toisc nach raibh fianaise leordhóthanach ar athruithe de chineál marthanach maidir leis antionscal aigéid thríchlóraisicianúraigh sa tSín.

(15) Mhaígh siad freisin, i gcás inar ceadaíodh don athbhreithniú dul ar aghaidh, gur cheart go gcumhdódh a raon feidhme athríomh ar an gcorrlach díobhála freisin.

([15]) Fonóta 1.

([16]) Fógra tionscnaimh maidir le páirt-athbhreithniú eatramhach ar na bearta frithdhumpála is infheidhme i dtaca le hallmhairí aigéid thríchlóraisicianúraigh de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne. IO C 2024/4917 lch. 1, http://data.europa.eu/eli/C/2024/4917/oj).

(16) Mheas an Coimisiún go raibh fianaise leordhóthanach san iarraidh ar athbhreithniú eatramhach go bhfuil athrú suntasach tagtha ar na himthosca a bhaineann le dumpáil mar a cheanglaítear le hAirteagal 11(3) den bhun-Rialachán chun údar a thabhairt le hathbhreithniú eatramhach a thionscnamh. Mheabhraigh an Coimisiún go bhfuil an caighdeán chun athbhreithniú eatramhach a thionscnamh de bhun Airteagal 11(3) níos ísle ná an caighdeán chun bearta cinntitheacha a fhorchur, i gcás na mbeart cinntitheach sin, rinne sé measúnú ar chineál marthanach na n-athruithe le linn an imscrúdaithe, féach aithrisí (119) go (127).

(17) Maidir leis an maíomh gur cheart athríomh ar an gcorrlach díobhála a chumhdach san athbhreithniú freisin, mheabhraigh an Coimisiún nach raibh aon fhianaise ar comhad a thacaíonn leis an tuairim nach raibh an corrlach díobhála a suíodh san imscrúdú bunaidh cruinn a thuilleadh. Go háirithe, líomhain an Chomhghuaillíocht de Tháirgeoirí Onnmhairiúcháin Aigéid Thríchlóraisicianúraigh de chuid na Síne gur cheart meastóireacht a dhéanamh ar na hathruithe fadtéarmacha i dtionscal aigéid thríchlóraisicianúraigh na Síne i bhfianaise an tionchair a d'fhéadfadh a bheith acu ar phraghas thionscal an Aontais. Ina theannta sin, d'áitigh sé gur mhéadaigh tionscal an Aontais a acmhainneacht táirgeachta, agus a dhíolacháin intíre agus onnmhairiúcháin a líomhnaítear a chuaigh i bhfeidhm ar a straitéisí praghsála ar mhargaí intíre agus onnmhairiúcháin araon. Ar deireadh, mheas sé gur chuir an tAontas straitéisí chun feidhme freisin nárbh ann dóibh tráth an imscrúdaithe bunaidh, go háirithe 'Conair an Aistrithe do Thionscal na gCeimiceán'.

(18) Mar sin féin, chinn an Coimisiún, toisc nach rabhthas ag brath ach ar mhaíomh leathan go bhfuil an dá mhargadh idirnasctha agus ar straitéisí Chonair an Aistrithe do Thionscal na gCeimiceán atá fós le glacadh, nach raibh bunús leis an maíomh. Níor sholáthair an Chomhghuaillíocht de Tháirgeoirí Onnmhairiúcháin Aigéid Thríchlóraisicianúraigh fianaise leordhóthanach a léiríonn nach mbeadh gá a thuilleadh leis an gcorrlach díobhála a ríomhadh san imscrúdú bunaidh ar a leibhéal reatha chun éifeachtaí díobhálacha na dumpála a fhritháireamh, ná maidir leis na sonraí a úsáidtear chun an corrlach sin a ríomh. I bhfocail eile, níor chuir na páirtithe leasmhara fianaise leordhóthanach ar fáil a thug údar le hathbhreithniú a thionscnamh lena gcumhdaítear an díobháil, ná ní raibh fianaise den sórt sin ar fáil don Choimisiún. Dá bhrí sin, ní raibh aon fhianaise ar fáil don Choimisiún a thugann le fios nach raibh na corrlaigh dhíobhála a suíodh roimhe seo ionadaíoch a thuilleadh ar an díobháil a bhain do thionscal an Aontais. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

1.4. **Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe**

(19) An t-imscrúdú ar dhumpáil, chumhdaigh sé an tréimhse ón 1 Iúil 2023 go dtí an 30 Meitheamh 2024 ('tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe').

1.5. **Páirtithe leasmhara**

(20) San fhógra tionscnaimh, iarradh ar na páirtithe leasmhara teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún táirgeoirí, onnmhaireoirí agus údaráis aitheanta na Síne ar an eolas go sonrach faoi thionscnamh an athbhreithnithe eatramhaigh, mar aon le hallmhaireoirí agus úsáideoirí aitheanta chomh maith le comhlachais arb eol iad a bheith bainteach leis, agus d'iarr sé orthu a bheith rannpháirteach.

(21) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt maidir le tionscnamh an athbhreithnithe eatramhaigh agus éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála.

1.6. **Sampláil**

(22) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, má bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta sa tSín agus allmhaireoirí neamhchomhlachaithe san Aontas an fhaisnéis a shonraítear san fhógra tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas Eorpach táirgeoirí onnmhairiúcháin eile ar spéis leo a bheith páirteach san imscrúdú a shainaithint, agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh.

(23) Sholáthair dhá tháirgeoir onnmhairiúcháin, Hebei Jiheng Group agus Puyang Cleanway, ar uathu a tháinig 72 % de mhéid iomlán na n-onnmhairí aigéid thríchlóraisicianúraigh le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, an fhaisnéis samplála a iarradh agus d'aontaigh siad a bheith san áireamh sa sampla. I bhfianaise a laghad freagraí a fuarthas ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha, chinn an Coimisiún nach raibh gá le sampláil.

(24) Níor sholáthair aon allmhaireoir neamhchomhlachaithe an fhaisnéis samplála a iarradh. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh gá le hallmhaireoirí neamhchomhlachaithe a shampláil sna himeachtaí seo ach oiread.

1.7. **Freagraí ar an gceistneoir**

(25) Chuir an Coimisiún ceistneoir chuig rialtas na Síne maidir le saobhadh suntasach a bheith ann sa tSín de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán.

(26) Sheol an Coimisiún ceistneoirí chuig Hebei Jiheng Group agus Puyang Cleanway. Cuireadh na ceistneoirí céanna ar fáil ar líne freisin lá an tionscnaimh ([17]).

(27) Tar éis an freagra ar an gceistneoir ó Hebei Jiheng Group a fhíorú, ba léir nár cumhdaíodh sa fhreagra ar an gceistneoir ach táirgeacht chomhdhlúite dhá tháirgeoir onnmhairiúcháin chomhlachaithe, Hebei Ji Heng Bai Kang Chemical Industry Co., Ltd ('Bai Kang') agus Hebei Jiheng Chemical Co. Ltd. ('Jiheng'). Sheol an Coimisiún ceistneoirí ar leithligh chuig Bai Kang agus Jiheng, agus d'iarr sé freagra ar bhonn aonair.

(28) Sheol an Coimisiún ceistneoir chuig AMIK Italia S.p.A. ('AMIK'), allmhaireoir neamhchomhlachaithe a chuir é féin in iúl don Choimisiún, agus fuair sé freagra páirteach. Fuair an Coimisiún freagra páirteach gan iarraidh ar an gceistneoir le haghaidh allmhaireoirí neamhchomhlachaithe ó Productos QP, S.A..

1.8. **Fíorú**

(29) D'fhíoraigh an Coimisiún freagra na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin seo a leanas ar an gceistneoir:

Táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín:

— Hebei Jiheng Chemical Co. Ltd., Hengshui, an tSín.

— Puyang Cleanway Chemicals Co. Ltd., Puyang, an tSín.

(30) De bhun na bhfreagraí ar leithligh ar an gceistneoir a cuireadh isteach, rinne an Coimisiún cros-seiceáil chianda ar an táirgeoir onnmhairiúcháin seo a leanas freisin:

Táirgeoir onnmhairiúcháin sa tSín:

— Hebei Ji Heng Bai Kang Chemical Industry Co. Ltd., Haixing, an tSín.

1.9. **An nós imeachta ina dhiaidh sin**

(31) An 2 Meán Fómhair 2025, nocht an Coimisiún na bunfhíorais agus na bunbhreithnithe ar ar a mbonn atá sé beartaithe aige leibhéal na ndleachtanna frithdhumpála a leasú. Tugadh tréimhse do na páirtithe leasmhara uile ina raibh siad in ann a mbarúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh.

(32) Bhreithnigh an Coimisiún na barúlacha a thug na páirtithe leasmhara agus chuir sé san áireamh iad, i gcás inarb iomchuí. Deonaíodh éisteacht do na páirtithe a d'iarr amhlaidh.

2. **AN TÁIRGE FAOI ATHBHREITHNIÚ, AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL**

2.1. **An táirge faoi athbhreithniú**

(33) Is ionann an táirge faoi athbhreithniú agus an táirge san imscrúdú bunaidh agus in athbhreithnithe éaga roimhe seo, is é sin aigéad tríchlóraisicianúrach agus ullmhóidí de, dá dtagraítear freisin faoin ainm neamhdhílsithe idirnáisiúnta (ANI) 'siomclóisín'.

([17]) https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2744.

2.2. **An táirge lena mbaineann**

(34) Is é an táirge lena mbaineann an t-imscrúdú seo an táirge faoi athbhreithniú, de thionscnamh na Síne, a aicmítear faoi láthair faoi chóid AC ex 2933 69 80 agus ex 3808 94 20 (cóid TARIC 2933 69 80 70 agus 3808 94 20 20).

2.3. **An táirge comhchosúil**

(35) Mar a suíodh san imscrúdú bunaidh, chomh maith leis an athbhreithniú éaga roimhe seo, deimhníodh leis an bpáirt-athbhreithniú eatramhach seo go bhfuil na saintréithe bunúsacha fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla céanna, chomh maith leis na húsáidí bunúsacha céanna, ag na táirgí seo a leanas:

— an táirge lena mbaineann nuair a onnmhairítear chuig an Aontas é;

— an táirge faoi athbhreithniú arna tháirgeadh agus arna dhíol ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin ar mhargadh intíre na Síne;

— an táirge faoi athbhreithniú arna tháirgeadh agus arna dhíol ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin leis an gcuid eile den domhan; agus

— an táirge faoi athbhreithniú arna tháirgeadh agus arna dhíol san Aontas ag tionscal an Aontais.

(36) Chinn an Coimisiún go meastar, dá bhrí sin, gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

3. **DUMPÁIL**

3.1. **Réamhbharúlacha**

(37) Mar a leagtar amach in aithris (46), tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh sé iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid sa tSín chun an gnáthluach a shuí maidir le hallmhairí aigéid thríchlóraisicianúraigh ón tSín, mar gheall ar shaobhadh suntasach a bheith ann laistigh de bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Leanadh d'allmhairí ón tSín le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, allmhairíodh breis agus 32 mhíle tona aigéid thríchlóraisicianúraigh.

(38) Dá bhrí sin, chuaigh an Coimisiún ar aghaidh leis an ngnáthluach a ríomh go heisiach ar bhonn na gcostas táirgthe agus díola agus praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa á léiriú, is é sin, ar bhonn na gcostas comhfhreagrach táirgthe agus díola i dtír ionadaíoch iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

3.2. **Dumpáil**

3.2.1. *An nós imeachta chun an gnáthluach a chinneadh, faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, le haghaidh allmhairí aigéid thríchlóraisicianúraigh de thionscnamh na Síne*

(39) Ós rud é go raibh fianaise leordhóthanach ar fáil nuair a tionscnaíodh an t-imscrúdú lena dtaispeántar, maidir leis an tSín, gur ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú ar dhumpáil ar bhonn Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(40) D'fhonn faisnéis a fháil a mheas sé a bheith riachtanach dá imscrúdú maidir leis an saobhadh suntasach a líomhnaíodh, sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne. Ina theannta sin, i bpointe 5.3.2 den fhógra tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara uile a gcuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach agus fianaise thacaíochta a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán laistigh de 37 lá tar éis dháta fhoilsithe an fhógra tionscnaimh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Ní bhfuarthas aon fhreagra ar an gceistneoir ó Rialtas na Síne agus ní bhfuarthas aon aighneacht maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán roimh an sprioc-am. Ina dhiaidh sin, chuir an Coimisiún in iúl do Rialtas na Síne go n-úsáidfeadh sé na fíorais a bhí ar fáil de réir bhrí Airteagal 18 den bhun-Rialachán chun a chinneadh an ann do shaobhadh suntasach sa tSín.

(41) I bpointe 5.3.2 den fhógra tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún freisin, mar gheall ar an bhfianaise a bhí ar fáil, go raibh Meicsiceo roghnaithe aige go sealadach mar thír ionadaíoch iomchuí de bhun Airteagal 2(6a)(a) den bhun Rialachán chun an gnáthluach a chinneadh ar bhonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa. Luaigh an Coimisiún freisin go scrúdódh sé tíortha eile a d'fhéadfadh a bheith iomchuí i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach sa chéad fhleasc d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(42) An 10 Eanáir 2025, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas le nóta ([18]) ('an chéad nóta') maidir leis na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh. Sa chéad nóta, chuir an Coimisiún liosta ar fáil de na tosca táirgeachta go léir amhail amhábhair, saothar agus fuinneamh a úsáidtear i dtáirgeadh aigéid thríchlóraisicianúraigh. Ina theannta sin, ar bhonn na gcritéar a threoraíonn rogha na bpraghsanna nó na dtagarmharcanna neamhshaofa, shainaithin an Coimisiún tíortha ionadaíocha féideartha, is é sin Meicsiceo agus an Indinéis. Fuair an Coimisiún barúlacha ó Hebei Jiheng Group agus Puyang Clenway, chomh maith leis na hiarratasóirí.

(43) An 5 Márta 2025, agus tar éis dó anailís a dhéanamh ar na barúlacha a fuarthas, d'eisigh an Coimisiún an dara nóta ([19]) maidir leis na foinsí chun an gnáthluach a chinneadh ('an dara nóta'). Sa dara nóta, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas faoi na foinsí ábhartha atá beartaithe chun an gnáthluach a chinneadh agus úsáid á baint as an Indinéis mar an tír ionadaíoch faoi Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán. Chuir sé páirtithe leasmhara ar an eolas freisin go leagfadh sé síos costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus na brabúis bunaithe ar ráitis airgeadais atá ar fáil go poiblí ó P.T. Pindo Deli ('Pindo Deli'), táirgeoir aigéid thríchlóraisicianúraigh san Indinéis. D'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a mbarúil a thabhairt faoin dara nóta. Fuarthas barúlacha ó Hebei Jiheng Group agus Puyang Clenway. Tugtar aghaidh ar mhaímh na bpáirtithe i Roinn 3.2.2.4 thíos.

3.2.2. *An Gnáthluach*

(44) I gcomhréir le hAirteagal 2(1) den bhun-Rialachán, *'[b]eidh an gnáthluach bunaithe ar an bpraghas a íocadh nó atá le híoc de ghnáth, i ngnáthchúrsa trádála, ag custaiméirí neamhspleácha sa tír is onnmhaireoir'*.

(45) Mar sin féin, de réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, *'más rud é go gcinntear […]nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid sa tír is onnmhaireoir toisc gur ann do shaobhadh suntasach sa tír sin de réir bhrí pointe (b), ríomhfar an gnáthluach go heisiach ar bhonn costais táirgthe agus díola a léiríonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa'* agus *'[á]ireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús'* ('costais SGA' a thugtar anseo feasta ar '*costais riaracháin, díola agus ghinearálta*').

(46) Mar a mhínítear thíos freisin, ba é conclúid an Choimisiúin san imscrúdú seo, bunaithe ar an bhfianaise a bhí ar fáil agus ag féachaint don easpa comhoibriú ó Rialtas na Síne agus barúlacha ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin maidir leis an tsaincheist sin, gurbh iomchuí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm.

3.2.2.1. Saobhadh suntasach a bheith ann

(47) Scrúdaigh an Coimisiún an fhianaise sa chomhad chun a chinneadh an ann do shaobhadh mór sa tSín de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán, rud a fhágann nach iomchuí praghsanna agus costais intíre na tíre sin a úsáid. Cumhdaíodh san anailís na heilimintí fianaiseacha seo a leanas maidir leis na critéir éagsúla atá ábhartha chun a shuí gurb ann do shaobhadh nach beag.

(48) Ar an gcéad dul síos, áiríodh san fhianaise a bhí san iarraidh na heilimintí seo a leanas a léiríonn gur ann do shaobhadh suntasach.

([18]) Nóta maidir le foinsí chun an gnáthluach a chinneadh, t25.000559.
([19]) Nóta maidir le foinsí chun an gnáthluach a chinneadh (an dara nóta maidir le Tosca Táirgeachta), t25.003076.

(49) Thug an t-iarratasóir dá aire gur ann do shaobhadh suntasach i ndáil leis na heilimintí uile de chostas táirgthe aigéid thríchlóraisicianúraigh. Thairis sin, d'áitigh an t-iarratasóir nár tháinig aon athrú ar an staid a bhí i réim tráth an athbhreithnithe éaga is déanaí ón gCoimisiún maidir le hallmhairí aigéid thríchlóraisicianúraigh sa tSín ([20]).

(50) Go sonrach, d'áitigh an t-iarratasóir go bhfreastalaíonn fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, smacht, maoirseacht bheartais nó treoraíocht údaráis na Síne ar mhargadh an táirge faoi athbhreithniú sa tSín. Maidir leis sin, dúirt an t-iarratasóir go bhfuil roinnt táirgeoirí an táirge faoi athbhreithniú faoi úinéireacht Stáit go hiomlán nó go páirteach. Ina theannta sin, thug sé dá aire freisin go gcuireann Páirtí Cumannach na Síne isteach ar chinnteoireacht eintiteas príobháideach, agus rialú *de facto* á fheidhmiú aige ar a ngníomhaíocht ([21]).

(51) D'áitigh an t-iarratasóir freisin, mar gheall ar láithreacht stáit na Síne i dtáirgeoirí aigéid thríchlóraisicianúraigh go gceadaítear don stát cur isteach i dtaca le praghsanna agus costais. D'athdhearbhaigh sé an cur isteach ón stát, ní hamháin trí fhiontair faoi úinéireacht stáit ach freisin trí chomhaltaí Pháirtí Cumannach na Síne i bpoist bhainistíochta cuideachtaí príobháideacha. Go deimhin, thug an t-iarratasóir dá aire go bhfuil fianaise ann maidir le cur isteach ón stát i dtosca táirgeachta uile an táirge faoi athbhreithniú ([22]).

(52) Ina theannta sin, thug an t-iarratasóir dá aire gur ceimiceáin orgánacha agus neamhorgánacha iad na hamhábhair a úsáidtear i monarú aigéid thríchlóraisicianúraigh. Maidir leis sin, luaigh sé go bhfuil an earnáil ceimiceán i measc na n-earnálacha sin a chuireann Rialtas na Síne chun cinn go háirithe ([23]). Is é is cúis leis sin an iarracht ar son na neamhthuilleamaíochta, agus an dreasacht chun táirgí ard-bhreisluacha a chruthú, mar shampla aigéad tríchlóraisicianúrach. Thug an t-iarratasóir dá aire freisin gur luaigh tíortha eile freisin gur ann d'fhóirdheonú aigéid thríchlóraisicianúraigh sa tSín, rud a bhí ina shaintréith den mhargadh ó bhí 2012 ann.

(53) Thug an t-iarratasóir dá aire go ndéanann saobhadh difear freisin d'fhuinneamh, do shaothar agus d'innealra a úsáidtear chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh. Chuir an t-iarratasóir in iúl freisin gur luadh sa Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun críocha Imscrúduithe Cosanta Trádála ('an Tuarascáil') go bhfuil os cionn 50 % de na soláthróirí fuinnimh faoi úinéireacht an stáit, agus go bhfuil eangach an tarchuir faoi úinéireacht iomlán dhá chuideachta faoi úinéireacht stáit ([24]). Thairis sin, léirigh sé cásanna roimhe seo inar thug an Coimisiún dá aire an saobhadh ar phraghsanna fuinnimh san earnáil ceimiceán. Ina theannta sin, chinn an Coimisiún go ndéanann saobhadh ar chostais phá difear go díreach agus go hindíreach d'earnálacha réamhtheachtacha an táirge faoi athbhreithniú, lena n-áirítear an earnáil ceimiceán ([25]). Ina theannta sin, luaigh an t-iarratasóir gur ann d'fhiontair intíre áirithe agus d'fhiontair áirithe ina bhfuil infheistíocht choigríche atá díolmhaithe ó CBL agus ó tharaifí ar threalamh allmhairithe. Is é is aidhm do chlár den sórt sin infheistíochtaí coigríche a spreagadh agus trealamh ardfhorbartha a thabhairt isteach ón gcoigríoch chun teicneolaíocht thionsclaíoch a uasghrádú ([26]).

(54) Chuir an t-iarratasóir cineálacha saofa shuntasaigh eile in iúl, amhail asbhaintí cánach ioncaim. Mar shampla, de réir Airteagal 33 de Dhlí na Síne um Cháin Ioncaim Fiontair, maidir le fiontair a mhonaraíonn táirgí atá i gcomhréir le Beartas Tionsclaíoch an Stáit agus lena mbaineann úsáid shineirgisteach as acmhainní, d'fhéadfaidís a bheith i dteideal laghdú cánach. Thug an t-iarratasóir dá aire gur féidir le gach earnáil straitéiseach tairbhiú de na forálacha sin agus ós rud é gur sainaithníodh an earnáil ceimiceán mar phríomhearnáil, gur féidir le táirgeoirí ceimiceán, agus táirgeoirí aigéid thríchlóraisicianúraigh go sonrach, tairbhiú de bhuntáiste cánach den sórt sin.

([20]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2757, aithrisí 97-99 agus 113-114.
([21]) Rialachán Cur Chun Feidhme 2023/2757 (AE), aithrisí 66-73.
([22]) Rialachán Cur Chun Feidhme 2023/2757 (AE), aithrisí 69-73.
([23]) Rialachán Cur Chun Feidhme 2023/2757 (AE), aithrisí 66-57.
([24]) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun Críoch Imscrúduithe Cosanta Trádála, SWD (2024)91 an 10 Aibreán 2024, lch. 217-235.
([25]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2180 ón gCoimisiún an 16 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/607 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí aigéid chitrigh de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, arna leathnú chun allmhairí aigéid chitrigh a chuirtear chun bealaigh ón Malaeisia a chumhdach, bíodh dearbhú ann gur de thionscnamh na Malaeisia iad nó ná bíodh, tar éis athbhreithniú 'onnmhaireora nua' de bhun Airteagal 11(4) den Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2023/2180, 17.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2180/oj), aithris 121.
([26]) Catalóg na dTionscal Spreagtha le haghaidh Infheistíocht Choigríche (2020).

(55) Thairis sin, thug an t-iarratasóir le fios go mbíonn beartais nó bearta poiblí ar bun ag údaráis na Síne lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar soláthróirí intíre nó lena n-imrítear tionchar ar bhealach eile ar fhórsaí an shaormhargaidh. D'áitigh an t-iarratasóir freisin, maidir leis an 14ú Plean Cúig Bliana um amhábhair, go gcuirtear méadú ar an acmhainneacht táirgeachta chun cinn in earnálacha an úiré, na fosfáite amóiniam, na cairbíde cailciam, na hiodrocsaíde sóidiam agus an fhosfair bhuí. Chuir sé in iúl freisin go liostaítear hiodrocsaíd sóidiam, atá ar cheann de na príomh-amhábhair chun an táirge faoi athbhreithniú a mhonarú, i gCatalóg Threorach 2019 maidir le Coigeartú Struchtúrach Tionscail i measc na dtionscal rialaithe ([27]).

(56) Chuir an t-iarratasóir i dtábhacht freisin easpa dlíthe féimheachta, corparáideacha nó maoine, nó forfheidhmiú idirdhealaitheach nó neamhleor na ndlíthe sin. Mar a cuireadh i dtábhacht cheana féin sa tríú hathbhreithniú éaga, is saintréith de chóras na Síne fós é tearc-fhorfheidhmiú córasach an dlí féimheachta agus rannpháirtíocht láidir an stáit in imeachtaí dócmhainneachta ([28]).

(57) Cuireadh i dtábhacht san iarraidh freisin go bhfuil na costais phá sa tSín saofa go ginearálta agus san earnáil aigéid thríchlóraisicianúraigh go sonrach. Dúirt an t-iarratasóir nach n-oibríonn margadh an tsaothair sa tSín ar phá margadhbhunaithe, toisc nár dhaingnigh an tSín roinnt coinbhinsiúin fhíor-riachtanacha EIS ([29]).

(58) Ar deireadh, thug an t-iarratasóir dá aire go bhfuil saobhadh suntasach ann freisin i ndáil le rochtain ar mhaoiniú arna dheonú ag institiúidí a chuireann cuspóirí beartais phoiblí chun feidhme nó nach bhfuil ag gníomhú go neamhspleách ar an stát ar shlí eile. Dúirt sé go n-oibríonn bainc faoi úinéireacht stáit de réir cuspóirí beartais phoiblí, agus ní de réir inmharthanacht eacnamaíoch na n-oibreoirí eacnamaíocha. Mar a tugadh faoi deara san athbhreithniú éaga is déanaí, ní mór do Pháirtí Cumannach na Síne formhaoirseacht a dhéanamh ar chinntí na mbanc tráchtála príobháideach fiú agus na cinntí sin a bheith i gcomhréir le beartais náisiúnta i gcónaí. Luadh freisin gur coinníodh costais iasachtaíochta íseal go saorga chun fás infheistíochta a spreagadh. De thoradh rátaí úis a bheith íseal go saorga, bíonn tearcphraghsáil ann, agus dá bhrí sin, bíonn ró-úsáid á baint as caipiteal.

(59) In imscrúduithe a rinneadh le déanaí maidir le hearnáil na gceimiceán sa tSín ([30])„ chinn an Coimisiún gur ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. Sna himscrúduithe sin, chinn an Coimisiún gur ann d'idirghabháil shubstaintiúil rialtais sa tSín, rud a shaobhann leithdháileadh éifeachtach na n-acmhainní i gcomhréir le prionsabail an mhargaidh ([31])¨ Go háirithe, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach amháin gurbh ann fós do chuid mhór úinéireachta ag Rialtas na Síne san earnáil ceimiceán sa tSín de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán, ([32]) ach go bhfuil sé de chumas ar Rialtas na Síne cur isteach ar phraghsanna agus

([27]) Rialachán Cur Chun Feidhme 2023/2757 (AE), aithrisí 74-80.
([28]) Rialachán Cur Chun Feidhme 2023/2757 (AE), aithrisí 92-93.
([29]) Rialachán Cur Chun Feidhme 2023/2757 ón gCoimisiún, aithrisí 85-86.
([30]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1959 (AE) an 17 Iúil 2024 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí eiritríotóil de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, (IO L, 2024/1959, 19.7.2024, http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1959/oj; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2180; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/752 ón gCoimisiún an 12 Aibreán 2023 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí lúcónáite sóidiam de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, (IO L 100, 13.4.2023, lch. 16 , http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/752/oj); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/441 ón gCoimisiún an 11 Márta 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí d'aigéad sulfainileach ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad tar éis athbhreithniú éaga a dhéanamh de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, (IO L 85, 12.3.2021, lch. 154 http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/441/oj).
([31]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1959 ón gCoimisiún, aithrisí 161-162; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2180, aithrisí 89-90; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/752, aithris 70; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/441, aithris 99.
([32]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1959 aithrisí 103-113; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2180, aithrisí 46-50; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/752, aithris 49, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/441 ón gCoimisiún, aithrisí 59-65.

ar chostais tríd an stát a bheith i láthair i ngnólachtaí de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán ([33])- Chinn an Coimisiún thairis sin go mbíonn éifeachtaí saofa breise ar an margadh ag láithreacht an stáit agus ag idirghabháil an stáit sna margaí airgeadais agus i soláthar amhábhar agus ionchur freisin. Go deimhin, ar an iomlán, de thoradh an chórais pleanála sa tSín, bíonn acmhainní á ndíriú ag Rialtas na Síne ar earnálacha atá ainmnithe mar earnálacha straitéiseacha nó earnálacha atá tábhachtach go polaitiúil ar shlí eile, seachas iad a bheith á leithdháileadh i gcomhréir le fórsaí an mhargaidh ([34]). Thairis sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil dlíthe féimheachta agus maoine na Síne ag obair i gceart de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc den bhun-Rialachán, rud a chruthaíonn saobhadh go háirithe nuair a bhíonn gnólachtaí dócmhainneacha á gcoimeád i mbun gnó agus nuair a bhíonn cearta úsáide talún á leithdháileadh sa tSín ([35]). Ar an gcaoi chéanna, chinn an Coimisiún gurbh ann do shaobhadh maidir le costais phá san earnáil ceimiceán de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán ([36])„ mar aon le saobhadh sna margaí airgeadais de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán, go háirithe maidir le rochtain ar ghníomhaithe corparáideacha caipiteal sa tSín ([37]).

(60) Ar an tríú dul síos, san athbhreithniú éaga is déanaí maidir leis an táirge faoi athbhreithniú ([38]), ba é conclúid an Choimisiúin gurbh ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Ní eol don Choimisiún aon mhórathrú struchtúrach sa tSín go ginearálta agus/nó san earnáil ábhartha, a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don chonclúid sin.

(61) Ar an gceathrú dul síos, léirigh fianaise bhreise atá ar fáil sa Tuarascáil go raibh saobhadh suntasach ann freisin le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(62) Ar an gcúigiú dul síos, níor thug Rialtas na Síne ná na táirgeoirí onnmhairiúcháin san imscrúdú atá ann faoi láthair aon fhianaise ná argóint ina aghaidh sin.

(63) I bhfianaise a bhfuil thuas, léirigh an fhianaise a bhí ar fáil nach toradh ar fhórsaí an mhargaidh shaoir iad praghsanna ná costais an táirge faoi athbhreithniú, lena n-áirítear costais na n-amhábhar, an fhuinnimh agus saothair, toisc go bhfuil siad faoi thionchar idirghabhálacha substaintiúla ón rialtas de réir bhrí 2(6a)(b) den bhun-Rialachán, mar a léiríonn an tionchar iarbhír nó an tionchar féideartha atá ag ceann amháin nó níos mó de na gnéithe ábhartha a liostaítear ann. Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid chun an gnáthluach a shuí sa chás sin. Dá bhrí sin, chuaigh an Coimisiún ar aghaidh leis an ngnáthluach a ríomh go heisiach ar bhonn na gcostas táirgthe agus díola agus praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa á léiriú, is é sin, sa chás seo, ar bhonn na gcostas comhfhreagrach táirgthe agus díola i dtír ionadaíoch iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

([33]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1959, aithrisí 114-122; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2180, aithrisí 51-55; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/752, aithrisí 50-54; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/441, aithrisí 66-68. Cé gur féidir a mheas gur léiriú ar na cearta úinéireachta comhfhreagracha é an ceart atá ag na húdaráis ábhartha stáit príomhphearsanra bainistíochta i bhfiontair faoi úinéireacht stáit a cheapadh agus a chur as oifig mar a fhoráiltear i reachtaíocht na Síne, tá tábhacht le cealla Pháirtí Cumannach na Síne i bhfiontair, idir fhiontair faoi úinéireacht stáit agus fhiontair faoi úinéireacht phríobháideach, mar is féidir leis an stát cur isteach ar chinntí gnó tríd na cealla sin. De réir dhlí cuideachtaí na Síne, tá eagraíocht de chuid Pháirtí Cumannach na Síne le bunú i ngach cuideachta (ina mbeidh ar a laghad triúr comhaltaí de Pháirtí Cumannach na Síne mar a shonraítear i mBunreacht Pháirtí Cumannach na Síne) agus cuirfidh an chuideachta na coinníollacha is gá i bhfeidhm le haghaidh ghníomhaíochtaí eagraíocht an pháirtí. Ní léir gur leanadh an ceanglas sin i gcónaí roimhe seo nó gur forfheidhmíodh go docht é. Mar sin féin, ó bhí 2016 ann ar a laghad threisigh Páirtí Cumannach na Síne a chuid éileamh i leith cinntí gnó a rialú i gcuideachtaí faoi úinéireacht stáit ar bhonn prionsabal polaitiúil. Tuairiscítear freisin go bhfuil brú á chur ag Páirtí Cumannach na Síne ar chuideachtaí príobháideacha tús áite a thabhairt don 'tírghrá' agus disciplín an pháirtí a chomhlíonadh. In 2017, tuairiscíodh go raibh cealla den pháirtí in 70 % den 1.86 milliún cuideachta atá faoi úinéireacht phríobháideach, agus go raibh an brú ag méadú sa tslí go mbeadh ar na cuideachtaí sin ligean d'eagraíochtaí Páirtí Cumannach na Síne an focal deiridh a bheith acu maidir leis na cinntí gnó laistigh de na cuideachtaí lena mbaineann siad. Tá feidhm ghinearálta ag na rialacha sin ar fud gheilleagar na Síne, ar fud gach earnála, lena n-áirítear maidir le táirgeoirí an táirge faoi athbhreithniú agus soláthróirí a gcuid ionchur.

([34]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1959, aithrisí 123-133; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2180, aithrisí 56-65; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/752, aithrisí 55-63; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/441, aithrisí 69-79.

([35]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1959, aithrisí 134-138; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2180, aithrisí 66-69; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/752, aithris 64; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/441, aithrisí 80-83.

([36]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1959, aithrisí 139-142; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2180, aithrisí 71-72; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/752, aithris 65; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/441, aithrisí 84-85.

([37]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1959, aithrisí 143-152; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2180, aithrisí 72-81; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/752, aithris 66; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/441, aithrisí 86-95.

([38]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2757 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2023 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí aigéid thríchlóraisicianúraigh de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga a dhéanamh de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, (IO L, 2023/2757, 14.12.2023, http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2757/oj).

3.2.2.2. Tír ionadaíoch

(64) Bunaíodh roghnú na tíre ionadaíche ar na critéir seo a leanas de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán:

— Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil leis an leibhéal atá sa tSín. Chun na críche sin, d'úsáid an Coimisiún tíortha a bhfuil ollioncam náisiúnta *per capita* acu atá cosúil leis an ollioncam náisiúnta *per capita* atá ag an tSín ar bhonn bhunachar sonraí an Bhainc Dhomhanda ([39]);

— Táirgeacht an táirge faoi athbhreithniú sa tír sin ([40]);

— Infhaighteacht sonraí poiblí ábhartha sa tír ionadaíoch

— I gcás ina raibh níos mó ná rogha fhéideartha amháin ann i ndáil le tír ionadaíoch, ba cheart tús áite, i gcás inarbh iomchuí, a thabhairt don tír ina bhfuil leibhéal leordhóthanach cosanta sóisialta agus comhshaoil.

(65) Mar a mhínítear in aithrisí (42) agus (43), d'eisigh an Coimisiún dhá nóta i gcomhair an chomhaid faoi na foinsí chun an gnáthluach a chinneadh. Sna nótaí sin, tugadh tuairisc ar na fíorais agus ar an bhfianaise is bun leis na critéir ábhartha agus tugadh aghaidh iontu ar na barúlacha a fuarthas ó na páirtithe maidir leis na gnéithe sin agus maidir leis na foinsí ábhartha. Sa dara nóta maidir le tosca táirgeachta, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas go raibh sé beartaithe aige an Indinéis a úsáid mar thír ionadaíoch iomchuí sa chás seo dá mba rud é go ndeimhneofaí saobhadh suntasach de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

3.2.2.3. Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil leis an leibhéal atá sa tSín

(66) Sa chéad nóta maidir le tosca táirgeachta, shainaithin an Coimisiún gur tíortha iad Meicsiceo agus an Indinéis inar comhchosúil an leibhéal forbartha eacnamaíche agus atá sa tSín, áit ar táirgeadh an táirge faoi athbhreithniú, de réir an Bhainc Dhomhanda i.e. aicmíonn an Banc Domhanda mar thíortha 'ard-mheánioncaim' iad ar bhonn ollioncam náisiúnta, agus gurb eol go dtáirgtear an táirge faoi athbhreithniú iontu.

(67) Ní bhfuarthas aon bharúil maidir leis na tíortha a sainaithníodh sa nóta sin.

3.2.2.4. Infhaighteacht sonraí ábhartha atá ar fáil go héasca sa tír ionadaíoch

(68) Sa chéad nóta, thug an Coimisiún le fios, i gcás na dtíortha a sainaithníodh mar thíortha ina bhfuil an táirge faoi athbhreithniú á tháirgeadh, i.e. Meicsiceo agus an Indinéis, gur ghá infhaighteacht na sonraí poiblí a fhíorú a thuilleadh, go háirithe i Meicsiceo, maidir leis na sonraí airgeadais poiblí le haghaidh táirgeoirí aigéid thríchlóraisicianúraigh.

(69) I Meicsiceo, shainaithin an Coimisiún cuideachta amháin a tháirgeann an táirge faoi imscrúdú, is é sin ROT Química ach ní raibh sé in ann sonraí airgeadais atá ar fáil go héasca don chuideachta sin a shainaithint.

(70) San Indinéis, shainaithin an Coimisiún cuideachta amháin a tháirgeann an táirge faoi imscrúdú, is é sin Pindo Deli agus fuair sé sonraí airgeadais iniúchta a bhí ar fáil go héasca lena gcumhdaítear tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe don chuideachta sin.

(71) D'áitigh Puyang Cleanway agus Hebei Jiheng Group go raibh baint eisiach ag Pindo Deli le táirgí páipéir agus nár tháirg ná nár dhíol sé aigéad tríchlóraisicianúrach ná táirgí sa chatagóir ghinearálta chéanna.

(72) Dheimhnigh an Coimisiún gurbh é monarú táirgí páipéir príomhghnó Pindo Deli. Bhí roinn ceimiceán ag an gcuideachta sin freisin, áfach, a rinne aigéad tríchlóraisicianúrach a tháirgeadh agus a dhíol. Níor chuir Puyang Cleanway agus Hebei Jiheng Group aon fhianaise ar fáil a léiríonn a mhalairt.

([39]) Sonraí Oscailte an Bhainc Dhomhanda – Ard-Mheánioncam, https://data.worldbank.org/income-level/upper-middle-income.

([40]) Mura bhfuil an táirge faoi athbhreithniú á tháirgeadh in aon tír ina bhfuil leibhéal forbartha eacnamaíche comhchosúil, féadfar féachaint ar tháirge a tháirgtear sa chatagóir agus/nó san earnáil ghinearálta chéanna agus an táirge faoi athbhreithniú.

(73) I bhfianaise an mhéid thuas, mheas an Coimisiún gur táirgeoir an táirge faoi athbhreithniú i dtír ionadaíoch ionchasach é Pindo Deli.

(74) Chuir Hebei Jiheng Group in iúl gur cheart don Choimisiún na sonraí airgeadais don chuideachta aonair a nochtadh, seachas figiúirí comhdhlúite le haghaidh Pindo Deli agus a fhochuideachtaí.

(75) Thug an Coimisiún dá aire nach raibh sonraí ar fáil go poiblí le haghaidh Pindo Deli ar leithligh, mar gheall ar an gcomhdhlúthú le fochuideachtaí. Dá bhrí sin, lorg an Coimisiún an t-ionadaí is gaire atá ar fáil go héasca, lena n-áirítear faisnéis chomhdhlúite faoi na táirgeoirí atá gníomhach, i measc táirgeoirí eile, san earnáil lena n-áirítear an táirge faoi athbhreithniú.

(76) Níor chuir Hebei Jiheng Group fianaise ar fáil nach mbeadh na costais chomhdhlúite SGA agus an brabús a sainaithníodh le haghaidh Pindo Deli iomchuí ná go suífí méideanna nach raibh réasúnta mar thoradh orthu. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, dá bhrí sin, go raibh na sonraí sin ionadaíoch agus réasúnta a ndóthain chun iad a chur i bhfeidhm chun críocha an imscrúdaithe seo. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún do mhaíomh Hebei Jiheng Group.

(77) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas leis an dara nóta go raibh sé beartaithe aige an Indinéis a úsáid mar thír ionadaíoch iomchuí agus Pindo Deli a úsáid mar an chuideachta iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán, chun praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa, costais SGA agus brabúis a aimsiú ar mhaithe leis an ngnáthluach a ríomh.

(78) Iarradh ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a thabhairt ar oiriúnacht na hIndinéise mar thír ionadaíoch agus ar oiriúnacht Pindo Deli mar tháirgeoir sa tír ionadaíoch.

(79) Tar éis an dara nóta, d'iarr Puyang Cleanway agus Hebei Jiheng Group ar an gCoimisiún 'seiceáil dhúbailte' a dhéanamh ar cé acu a chumhdaigh nó nár chumhdaigh ráitis airgeadais chomhdhlúite Pindo Deli, ráitis a raibh an Coimisiún ag brath orthu, a roinn ceimiceán. D'áitigh siad nár áiríodh an chuideachta, P. T. Cakrawala Mega Indah, ar na fochuideachtaí a liostaítear sa ráiteas airgeadais ([41]), a liostaítear faoin táb teagmhálaithe ar shuíomh gréasáin Pindo Deli ([42]).

(80) Rinne an Coimisiún amhlaidh agus chinn sé gurbh é P. T. Cakrawala Mega Indah oifig díolacháin roinn ceimiceán Pindo Deli, agus, dá bhrí sin, gur chuid lárnach de Pindo Deli í, agus, dá réir sin, gur cumhdaíodh í leis na ráitis airgeadais.

3.2.2.5. Leibhéal na cosanta sóisialta agus comhshaoil

(81) Tar éis a shuí gurb í an Indinéis an t-aon tír ionadaíoch iomchuí a bhí ar fáil, agus bunaithe ar na gnéithe thuasluaite uile, ní raibh aon ghá measúnú a dhéanamh ar leibhéal na cosanta sóisialta agus comhshaoil i gcomhréir leis an abairt dheireanach d'Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán.

3.2.2.6. Conclúid

(82) I bhfianaise na hanailíse thuas, chomhlíon an Indinéis na critéir a leagtar síos in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán chun go measfaí í mar thír ionadaíoch iomchuí.

3.2.2.7. Foinsí arna n-úsáid chun costais neamhshaofa a shuí

(83) Sa chéad nóta, liostaigh an Coimisiún na tosca táirgeachta amhail ábhair, fuinneamh agus saothar a úsáideann na táirgeoirí onnmhairiúcháin i dtáirgeadh an táirge faoi athbhreithniú agus d'iarr sé ar na páirtithe leasmhara a mbarúil a thabhairt agus faisnéis atá ar fáil go poiblí a mholadh maidir le luachanna neamhshaofa le haghaidh gach ceann de na tosca táirgeachta a luaitear sa nóta sin.

([41]) Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite P. T. Pindo mar aon le Tuarascáil ón Iniúchóir Neamhspleách, lgh. 11-12, Infheisteoir | APP Group.
([42]) https://app.co.id/in/-/pindo-deli-chemical.

(84) Tar éis sin, sa dara nóta, luaigh an Coimisiún gurb amhlaidh, chun an gnáthluach a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, go n-úsáidfeadh sé Global Trade Atlas ('GTA') ([43]) chun costas neamhshaofa na n-amhábhar a shuí. Ina theannta sin, luaigh an Coimisiún go n-úsáidfeadh sé na sonraí arna bhfoilsiú ag Badan Pusat Statistik chun costais neamhshaofa saothair a shuí ([44]), praghsanna arna bhfoilsiú ag Perusahan Listrik Negara maidir le leictreachas ([45]) agus sonraí arna bhfoilsiú ag an Aireacht Fuinnimh agus Acmhainní Mianracha maidir le gás ([46]).

(85) Sa dara nóta, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas freisin, mar gheall ar an meáchan diomaibhseach a bhí i gcuid de na hamhábhair sa chostas iomlán táirgthe, go ndearnadh na hítimí diomaibhseacha sin a ghrúpáil faoi 'tomhaltáin'. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún in iúl go ríomhfadh sé céatadán na dtomhaltán ar chostas iomlán na n-amhábhar agus go gcuirfeadh sé an céatadán sin i bhfeidhm ar chostas athríofa na n-amhábhar agus na tagarmharcanna neamhshaofa arna suí sa tír ionadaíoch iomchuí a n-úsáid aige.

3.2.2.8. Tosca táirgeachta

(86) I bhfianaise na faisnéise uile a cuireadh isteach san iarraidh ar athbhreithniú agus an fhianaise a chuir na páirtithe leasmhara isteach ina dhiaidh sin, sainaithníodh na tosca táirgeachta seo a leanas agus a bhfoinsí chun an gnáthluach a shuí i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán:

Tábla 1

Tosca táirgeachta aigéid thrichlóraisicianúraigh

Toisc tháirgeachta	Cód an Tráchtearra san Indinéis	Luach neamhshaofa (CNY)	Aonad tomhais	Foinse na faisnéise
Amhábhair				
Aigéad cianúrach	Níor aimsíodh in ainmníocht na hIndinéise é.	12,55	KG	Ríofa ar bhonn phraghas na húiré ó GTA (IHS Markit) ([47])
Úiré	310210	5,28	KG	GTA (IHS Markit)
Clóirín	28110	4,08	KG	GTA (IHS Markit)
Hiodrocsaíd sóidiam leachtach	281512	2,60	KG	GTA (IHS Markit)
Salann Amh	25010093	0,34	KG	GTA (IHS Markit)
Hidrigin	280410	0,95	KG	GTA (IHS Markit)
Aigéad sulfarach	28070010	0,30	KG	GTA (IHS Markit)
Tomhaltáin				
Saothar				
Saothar	Ní bhaineann le hábhar	12,62	Uaireanta an chloig	Badan Pusat Statistik ([48])

([43]) https://connect.ihsmarkit.com/gtas/gta/standard-reports.
([44]) https://www.bps.go.id/id/statistics-table/1/MjI1MyMx/rata-rata-upah-gaji-bersih-sebulan--rupiah--buruh-karyawan-pegawai-menurut-provinsi-dan-lapangan-pekerjaan-utama-di-17-sektor--2024.html.
([45]) Coigeartú Taraife, https://web.pln.co.id/pelanggan/tarif-tenaga-listrik/tariff-adjustment#:~:text=Tahun%202024.%20Januari%20%E2%80%93%20Maret:%20April.
([46]) Keputusan Menteri Energi dan Sumber Daya Mineral Nomor 91.K/MG.01/MEM.M/2023, https://jdih.esdm.go.id/dokumen/view?id=2380.
([47]) Féach fonóta 43.
([48]) Féach fonóta 44.

Toisc tháirgeachta	Cód an Tráchtearra san Indinéis	Luach neamhshaofa (CNY)	Aonad tomhais	Foinse na faisnéise
Fuinneamh				
Leictreachas	Ní bhaineann le hábhar	0,66	kWh	Perusahaan Listrik Negara ([49])
Gás	Ní bhaineann le hábhar	1,62	m^3	An Aireacht Fuinnimh agus Acmhainní Mianracha ([50])

(87) D'áitigh Hebei Jiheng Group agus Puyang Cleanway nach raibh praghas allmhairiúcháin úiré san Indinéis ionadaíoch ná réasúnta, toisc go raibh éagsúlacht shuntasach ann agus gur tháinig thart ar 88 % d'allmhairí úiré iomlána na hIndinéise ón tSín, rud a shaobhann praghsanna intíre. Ina theannta sin, d'áitigh Hebei Jiheng Group go raibh praghas allmhairiúcháin úiré na hIndinéise saofa mar gheall ar fhóirdheontais rialtais agus rialuithe onnmhairiúcháin.

(88) Dhiúltaigh an Coimisiún d'argóint Hebei Jiheng Group, toisc gur ríomh sé praghas allmhairiúcháin úiré na hIndinéise bunaithe ar mheán ualaithe na dtíortha tionscnaimh éagsúla. Mhaolaigh an t-ualú de réir méid éifeacht na n-athruithe sa deireadh sa phraghas a mhaígh Hebei Jiheng Group a bheith saofa. Murab ionann agus maíomh Hebei Jiheng Group, d'eisiaigh an Coimisiún allmhairí ón tSín agus an praghas allmhairiúcháin neamhshaofa san Indinéis á ríomh. Ba dhiomaibhseach éifeacht indíreach allmhairí na Síne ar phraghas leasacháin atá bunaithe ar úiré na hIndinéise, ós rud é gurb é táirgeacht na hIndinéise ba mhó a bhí sa mhargadh intíre, go príomha ag P.T. Pupuk Indonesia ([51]). Fuair an Coimisiún amach gur tugadh fóirdheontas do níos lú ná 1 % de mhargadh leasacháin na hIndinéise ina iomláine ([52]), dá bhrí sin bhí an méid úiré fóirdheonaithe róbheag chun praghsanna sa mhargadh intíre a shaobhadh. Murab ionann agus maíomh Hebei Jiheng Group gur shaobh rialuithe onnmhairiúcháin margadh úiré na hIndinéise, fuair an Coimisiún amach nach raibh srianta ar onnmhairiú san Indinéis infheidhme ach amháin maidir le leasacháin fhóirdheonaithe, lena n-áirítear úiré.

(89) Dhiúltaigh an Coimisiún d'argóint Puyang Cleanway, toisc nár úsáid an chuideachta úiré chun aigéad tríchlóraisicianúrach a mhonarú.

(90) D'áitigh Puyang Cleanway nach raibh an praghas tagarmhairc le haghaidh aigéad cianúrach réasúnta ná ionadaíoch, toisc gur cumhdaíodh leis an bpraghas allmhairiúcháin san India, a úsáideadh mar thagarmharc, méid suntasach iosaicianuráití clóirínithe, lena n-áirítear aigéad tríchlóraisicianúrach, an táirge faoi athbhreithniú. Mhol Puyang Cleanway go ndéanfaí an praghas tagarmhairc le haghaidh aigéad cianúrach a ríomh bunaithe ar chóimheas tomhaltais na húiré arna fhíorú ag Hebei Jiheng group, a tháirg é.

(91) Ghlac an Coimisiún leis an maíomh sin. Dá bhrí sin, ríomhadh an tagarmharc le haghaidh aigéad cianúrach ar bhonn cóimheas tomhaltais fíoraithe Jiheng ar cuireadh na tagarmharcanna a tuairiscíodh i dTábla 1 i bhfeidhm ina leith. Chuir an Coimisiún costais SGA agus brabús Pinto Deli leis ansin chun praghas neamhshaofa a ríomh. Ós rud é go bhfuil baint ag Pindo Deli le táirgeadh aigéid thríchlóraisicianúraigh agus táirgí ceimiceacha eile a bhaineann leis an gCód NACE céanna (20.1) agus a bhaineann úiré, amhail hiodrocsaíd sóidiam, clóirín agus sulfáit amóiniam, measadh go raibh costais SGA agus brabús na cuideachta sin réasúnta.

(92) D'áitigh Puyang Cleanway nach raibh an praghas tagarmhairc le haghaidh clóirín réasúnta ná ionadaíoch, toisc, mar gheall ar a nádúr ceimiceach guaiseach, gur thionscain an Indinéis rialuithe rialála agus allmhairiúcháin 'a bhféadfadh costais allmhairiúcháin arda dhíréireacha agus saobhadh suntasach ar phraghsanna an mhargaidh a bheith mar thoradh orthu'. Mhol Puyang Cleanway an praghas tagarmhairc a ríomh le haghaidh clóirín bunaithe ar an gcóimheas tomhaltais fíoraithe a d'úsáid Jiheng, a tháirg é.

([49]) Féach Fonóta 45.
([50]) Féach Fonóta 46.
([51]) https://www.pupuk-indonesia.com/media-info/103/detail.
([52]) https://www.mordorintelligence.com/industry-reports/fertilizers-market-indonesia.

(93) Dhiúltaigh an Coimisiún don argóint, toisc gur chinn sé nár bhain rialáil agus rialú dian ar dhíol clóirín agus a dhíorthaigh go sonrach leis an Indinéis, ach gur gné ghinearálta den mhargadh a bhí i gceist leo ([53]). Is gné ionsuite cheana féin de phraghsáil idirnáisiúnta agus intíre clóirín é comhlíonadh rialála.

3.2.2.9. Amhábhair a úsáidtear sa phróiseas táirgthe

(94) Is monaróir comhtháite é Jiheng a tháirgeann na príomhábhair ionchuir don aigéad tríchlóraisicianúrach (aigéad cianúrach, clóirín agus hiodrocsaíd sóidiam) ó úiré agus salann amh tionsclaíoch. Ceannaíonn monaróirí onnmhairiúcháin eile aigéad cianúrach, clóirín agus hiodrocsaíd sóidiam, chun aigéad tríchlóraisicianúrach a mhonarú.

(95) Chun praghas neamhshaofa na n-amhábhar mar a dhéantar iad a sheachadadh ag geata táirgeora de chuid na tíre ionadaíche a shuí, d'úsáid an Coimisiún an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe chuig an tír ionadaíoch, mar a thuairiscítear in GTA, mar bhonn agus cuireadh dleachtanna allmhairiúcháin agus costais iompair intíre leis. Cinneadh praghas allmhairiúcháin sa tír ionadaíoch mar mheán ualaithe phraghsanna aonaid na n-allmhairí ó gach tríú tír gan an tSín a áireamh ná tíortha nach comhaltaí den Eagraíocht Dhomhanda Trádála iad, a liostaítear in Iarscríbhinn 1 de Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([54]). Chinn an Coimisiún na hallmhairí ón tSín isteach sa tír ionadaíoch a chur as an áireamh toisc gur tháinig sé ar an gconclúid in aithris (63) thuas nár iomchuí praghsanna agus costais intíre sa tSín a úsáid toisc go bhfuil saobhadh suntasach ann i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. De bhrí nach raibh aon fhianaise ann a léirigh nach raibh an tionchar céanna ag an saobhadh sin ar na táirgí a bhí ceaptha lena n-onnmhairiú,, mheas an Coimisiún gur imir an saobhadh céanna tionchar ar phraghsanna onnmhairiúcháin. Tar éis allmhairí ón tSín chuig an tír ionadaíoch a eisiamh, bhí an méid allmhairí ó thríú tíortha eile ionadaíoch fós.

(96) Mar a mhínítear in aithris (90) agus (91), ríomh an Coimisiún an tagarmharc le haghaidh aigéad cianúrach bunaithe ar chóimheasa tomhaltais Jiheng, ar cuireadh na tagarmharcanna a thuairiscítear i dTábla 1 i bhfeidhm ina leith.

(97) I gcás roinnt de na tosca táirgeachta, bhí sciar diomaibhseach de na costais amhábhar iomlána i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe i gceist leis na costais iarbhír arna dtabhú ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha. Ós rud é nach raibh aon tionchar suntasach ag an luach a úsáideadh dóibh siúd ar na ríomhanna maidir leis an gcorrlach dumpála, gan beann ar an bhfoinse a úsáideadh, chinn an Coimisiún na costais sin a áireamh le tomhaltáin mar a mhínítear in aithris (85).

(98) An costas iompair arna thabhú ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha as amhábhair a sholáthar, is mar chéatadán de chostas iarbhír na n-amhábhar sin a shloinn an Coimisiún é agus chuir sé an céatadán céanna i bhfeidhm ar chostas neamhshaofa na n-amhábhar céanna chun an costas iompair neamhshaofa a fháil. Mheas an Coimisiún go bhféadfaí, i gcomhthéacs an imscrúdaithe seo, an cóimheas idir amhábhar an táirgeora onnmhairiúcháin agus na costais iompair thuairiscithe a úsáid go réasúnta mar tháscaire chun meastachán a dhéanamh ar chostais neamhshaofa na n-amhábhar nuair a sheachadtar chuig monarcha na cuideachta iad.

3.2.2.10. Saothar

(99) Foilsíonn Badan Pusat Statistik (an Lár-Ghníomhaireacht Staidrimh) faisnéis maidir le pá in earnálacha eacnamaíocha éagsúla san Indinéis. D'úsáid an Coimisiún meán an phá san earnáil monaraíochta le haghaidh mhí Feabhra 2023 agus mhí Feabhra 2024, na sonraí amháin a bhí ar fáil, i gcúige Java Thiar, áit a raibh Pindo Deli lonnaithe. Cuireadh méid na ranníocaíochta cánach siarchoinneálaí, sláinte agus pinsin leis an bpá in aghaidh na huaire chun an costas saothair iomlán a d'eisíoc an fostóir a neasú ([55]).

([53]) Féach an Cárta Faisnéise Substainte maidir le Clóirín ón nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán le haghaidh sampla de bhearta rialála an Aontais. https://www.echa.europa.eu/substance-information/-/substanceinfo/100.029.053.

([54]) Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe (IO L 123, 19.5.2015, lch. 33, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/755/oj). Meastar le hAirteagal 2(7) den bhun-Rialachán nach féidir praghsanna intíre sna tíortha sin a úsáid chun gnáthluach a chinneadh.

([55]) Féach fonóta 44.

3.2.2.11. Leictreachas

(100) Foilsíonn an Chuideachta Náisiúnta Leictreachais (Perusahaan Listrik Negara, 'PLN') praghas an leictreachais d'úsáideoirí tionsclaíocha san Indinéis ar a suíomh gréasáin ([56]). D'úsáid an Coimisiún na staitisticí maidir le praghsanna leictreachais a d'fhoilsigh PLN, is iad sin praghsanna leictreachais tionsclaíocha in kWh d'úsáideoirí a ídigh idir 200 agus 6 600 kVA i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

3.2.2.12. Gás nádúrtha

(101) Foilsíonn an Aireacht Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha praghas an gháis nádúrtha d'úsáideoirí tionsclaíocha san Indinéis i gCinneadh Aireachta. D'úsáid an Coimisiún praghas an gháis d'úsáideoirí tionsclaíocha san Indinéis mar a d'fhoilsigh an Aireacht Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha ina Chinneadh Aireachta 91.K/MG.01/MEM.M/2023. D'úsáid an Coimisiún praghsanna gáis tionsclaíocha le haghaidh cuideachtaí ceimiceán in Java Thiar, áit a bhfuil Pindo Deli lonnaithe, in aghaidh an m^3, lena gcumhdaítear tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

3.2.2.13. Forchostais mhonaraíochta, costais SGA agus brabúis

(102) De réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, *'[á]ireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús*'. Ina theannta sin, ní mór luach le haghaidh na bhforchostas monaraíochta a shuí chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas.

(103) D'úsáid an Coimisiún na sonraí a tuairiscíodh i ráitis airgeadais Pindo Deli mar bhonn chun céatadáin na gcostas SGA agus brabúis a shuí chun an gnáthluach a ríomh, féach aithris (70) go (80).

(104) Sloinneadh na forchostais mhonaraíochta arna dtabhú ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha mar sciar de chostais na monaraíochta arna dtabhú iarbhír ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin. Cuireadh an céatadán sin i bhfeidhm ar chostais neamhshaofa na monaraíochta.

3.2.2.14. An gnáthluach a ríomh

(105) Ar bhonn a bhfuil thuas, rinne an Coimisiún an gnáthluach a ríomh de réir chineál an táirge ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

(106) Ar an gcéad dul síos, shuigh an Coimisiún na costais mhonaraíochta neamhshaofa. Chuir an Coimisiún na costais aonaid neamhshaofa i bhfeidhm ar thomhaltas iarbhír thosca aonair táirgeachta na dtáirgeorí onnmhairiúcháin chomhoibríoch. Fíoraíodh na cóimheasa tomhaltais sin arna soláthar ag Jiheng, Bai Kang agus Puyang Cleanway. D'iolraigh an Coimisiún na cóimheasa tomhaltais faoi na costais neamhshaofa in aghaidh an aonaid a tugadh faoi deara sa tír ionadaíoch, an Indinéis, mar a thuairiscítear i Roinn 3.2.2.7.

(107) Nuair a suíodh costas neamhshaofa na monaraíochta, chuir an Coimisiún na forchostais mhonaraíochta, na costais SGA agus brabús leis mar a leagtar amach in aithrisí (102) go (104). Cinneadh costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus brabús bunaithe ar ráitis airgeadais Pindo Deli do thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe mar a tuairiscíodh i gcuntais iniúchta na cuideachta ([57]) (féach aithris (103)). Chuir an Coimisiún na hítimí seo a leanas le costas neamhshaofa na monaraíochta:

— Costais díola, ghinearálta agus riaracháin (costais SGA) agus costais eile, arbh é a bhí i gceist leo 13.99 % de Chostais na nEarraí a Díoladh ('COGS') a bhí ag Pinto Deli, agus

— An brabús a bhain Pindo Deli amach, arbh é a bhí i gceist leis 22,29 % de COGS, cuireadh i bhfeidhm é maidir le costais iomlána neamhshaofa mhonaraíochta na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha.

(108) Ar an mbonn sin, rinne an Coimisiún an gnáthluach a ríomh de réir chineál an táirge ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

([56]) Féach fonóta 45.
([57]) Féach fonóta 41.

3.2.3. *An praghas onnmhairiúcháin*

(109) D'onnmhairigh Hebei Jiheng Chemical Co. Ltd. ('Jiheng') agus Puyang Cleanway Chemicals Co. Ltd ('Puyang Cleanway') chuig an Aontas go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha. D'onnmhairigh Hebei Ji Heng Bai Kang Chemical Industry Co., Ltd. ('Bai Kang') chuig an Aontas trí Jiheng, agus é ag gníomhú dó mar thrádálaí comhlachaithe dá onnmhairí uile chuig an Aontas i gcás an táirge faoi athbhreithniú.

(110) I gcás Jiheng agus Puyang Cleanway, a onnmhairíonn an táirge faoi athbhreithniú go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha san Aontas, ba é an praghas onnmhairiúcháin an praghas a íocadh iarbhír nó a bhí le híoc le haghaidh an táirge faoi athbhreithniú nuair a díoladh é lena onnmhairiú leis an Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 2(8) den bhun-Rialachán.

3.2.4. *Comparáid*

(111) Ceanglaítear le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán ar an gCoimisiún comparáid chothrom a dhéanamh idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin ar an leibhéal céanna trádála agus chun lamháltas a dhéanamh i leith difríochtaí i dtosca a dhéanann difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna. Sa chás atá idir lámha, roghnaigh an Coimisiún comparáid a dhéanamh idir an gnáthluach agus praghas onnmhairiúcháin na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ar leibhéal na trádála díreach ón monarcha. Mar a mhínítear thíos a thuilleadh, i gcás inarb iomchuí, rinneadh an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin a choigeartú chun: (i) iad a ghlanluacháil ar ais go dtí an leibhéal díreach ón monarcha; agus (ii) lamháltas a dhéanamh i leith difríochtaí i dtosca a maíodh agus a léiríodh go ndearna siad difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna.

3.2.4.1. Coigeartuithe a rinneadh ar an ngnáthluach

(112) Suíodh an gnáthluach ar leibhéal na trádála díreach ón monarcha trí chostais táirgthe a úsáid mar aon le méideanna le haghaidh SGA agus brabúis, a measadh a bheith réasúnta don leibhéal trádála sin. Dá bhrí sin, ní raibh gá le haon choigeartú chun an gnáthluach a ghlanluacháil ar ais go dtí an leibhéal díreach ón monarcha.

3.2.4.2. Coigeartuithe a rinneadh ar an bpraghas onnmhairiúcháin

(113) Chun an praghas onnmhairiúcháin a ghlanluacháil ar ais go dtí leibhéal na trádála díreach ón monarcha, rinneadh coigeartuithe mar gheall ar chostais a bhaineann le hiompar, árachas, láimhseáil agus lódáil, coimisiúin, costais chreidmheasa agus táillí bainc.

(114) Rinneadh coigeartú faoi Airteagal 2(10)(i) maidir le díolacháin uile na dtáirgí a mhonaraigh Bai Kang a onnmhairíodh chuig an Aontas go heisiach trí Jiheng. Bunaithe ar dhoiciméid bheartais, ar na sonraisc agus ar an gcuid eile de dhoiciméadacht na n-idirbheart, chinn an Coimisiún go ndearna Jiheng feidhmeanna atá cosúil le feidhmeanna gníomhaire atá ag obair ar bhonn coimisiúin. Sa chomhthéacs sin, ós rud é gur íocadh luach saothair le Jiheng as a sheirbhísí le marcáil suas, úsáideadh a chostais SGA agus brabús barúlach 5 % chun an coimisiún a ríomh chun críche an choigeartaithe. Mheas an Coimisiún gur mheastachán réasúnta a bhí i mbrabús 5 % bunaithe ar chorrlach na n-allmhaireoirí neamhchomhlachaithe a úsáideadh i gcásanna comhchosúla. Chomhlíon Jiheng na feidhmeanna céanna maidir le díolacháin intíre Bai Kang, bhí díolacháin onnmhairí dhíreacha lasmuigh den Aontas ag Bai Kang, cé go raibh siad an-teoranta.

3.2.5. *Corrlaigh dhumpála*

(115) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte, rinne an Coimisiún comparáid idir gnáthmheánluach ualaithe gach cineáil de chuid an táirge chomhchosúil agus meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe de chineál comhfhreagrach an táirge lena mbaineann chun an corrlach dumpála a ríomh, i gcomhréir le hAirteagal 2(11) agus (12) den bhun-Rialachán.

(116) Ríomhadh corrlach dumpála aonair le haghaidh Hebei Jiheng Group, ina raibh táirgeoirí onnmhairiúcháin Jiheng agus Bai Kang.

(117) B'íseal an leibhéal comhair sa chás seo toisc nach raibh i gceist le honnmhairí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha ach thart ar 72 % d'onnmhairí chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún an corrlach dumpála ar fud na tíre is infheidhme maidir le gach táirgeoir onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríoch eile a shocrú ar leibhéal chorrlach dumpála an chineáil táirge is mó a onnmhairíonn na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha chuig an Aontas, is é sin 201,3 %.

(118) Mar chonclúid, is mar a leanas atá na corrlaigh dumpála chinntitheacha, arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Cuideachta	Corrlach Dumpála Cinntitheach (%)
Hebei Jiheng Group (Hebei Jiheng Chemical Co. Ltd. agus Hebei Ji Heng Bai Kang Chemical Industry Co., Ltd)	164,2
Puyang Cleanway Chemicals Co. Ltd.	165,5
Gach cuideachta eile	201,3

3.2.6. *Cineál marthanach na n-athruithe ar imthosca*

(119) I gcomhréir le hAirteagal 11(3) den bhun-Rialachán, rinne an Coimisiún anailís an bhféadfaí a rá le réasún gur athrú marthanach é an t-athrú ar imthosca maidir le dumpáil.

(120) Thug an Coimisiún faoi deara gur tháinig méadú ar mhéid na n-onnmhairí aigéid thríchlóraisicianúraigh ón tSín chuig an Aontas ó 21 800 tona le linn na tréimhse imscrúdaithe bunaidh ([58]), ón 1 Aibreán 2003 go dtí an 31 Márta 2004, go 32 000 tona le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus gur tháinig méadú thart ar 47 % air dá réir sin.

(121) Thug an Coimisiún dá aire freisin gur léirigh na sonraí i ngach athbhreithniú éaga a rinneadh ó forchuireadh na bearta bunaidh méadú suntasach ar acmhainneacht agus ar acmhainneacht bhreise sa tSín ([59]). Bunaithe ar chonclúidí an dara hathbhreithniú éaga, measadh gurb é 278 000 tona acmhainneacht bhreise thionscal aigéid thríchlóraisicianúraigh na Síne agus 130 000 tona d'acmhainneacht bhreise aige ([60]), ach léiríonn conclúidí an tríú hathbhreithniú éaga acmhainneacht táirgeachta na Síne a mheastar a bheith cothrom le 755 000 tona, le hacmhainneacht bhreise 510 000 tona ([61]).

(122) I bhfianaise na macrashonraí a léiríonn méadú marthanach ar acmhainneacht táirgeachta thionscal na Síne, rinneadh imscrúdú agus fíorú ar éabhlóid acmhainneacht na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha. Ó bhí 2005 ann, chuir Puyang Cleanway le hacmhainneacht táirgeachta faoi dhó, agus rinne sé infheistíocht [40-50] milliún RMB, rud a rinne níos mó ná dúbailt a dhéanamh ar aschur deiridh aigéid thríchlóraisicianúraigh ó thart ar 30 000 tona go dtí thart ar 70 000 tona. Sa tréimhse chéanna, mhéadaigh Jiheng a acmhainneacht táirgeachta faoi thrí ó 10 000 go 30 000 tona trí infheistíocht mhór, agus chruthaigh sé an táirgeoir onnmhairiúcháin comhlachaithe, Bai Kang. Deimhníodh leis an éabhlóid sin na treochtaí a léirítear leis na sonraí maicreacnamaíocha, mar a mhínítear san aithris roimhe seo.

(123) Rinne an Coimisiún comparáid freisin idir éabhlóid líon na dtáirgeoirí aitheanta aigéid thríchlóraisicianúraigh sa tSín ó forchuireadh na bearta bunaidh. Seoladh an fhoirm samplála chuig 12 tháirgeoir aitheanta in 2005 ([62]), agus san athbhreithniú éaga deireanach chuaigh an Coimisiún i dteagmháil le 73 tháirgeoir onnmhairiúcháin ionchasacha. Comhthacaigh Coimisiún Trádála Idirnáisiúnta na Stát Aontaithe leis an méadú an-láidir sin ar líon na dtáirgeoirí aigéid thríchlóraisicianúraigh sa tSín ó 2005 ina thríú hathbhreithniú ar Iosaicianuráití Clóirínithe ón tSín agus ón Spáinn ([63]).

([58]) Aithris 109, Rialachán (CE) Uimh. 538/2005 ón gCoimisiún an 7 Aibreán 2005 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí aigéid thríchlóraisicianúraigh de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus Stáit Aontaithe Mheiriceá, (IO L 89, 8.4.2005, lch. 4, http://data.europa.eu/eli/reg/2005/538/oj.

([59]) Aithris 34-35 féach Fonóta 4, Aithris 50 féach Fonóta 9, Aithris 146 féach Fonóta 12.

([60]) Aithris 50, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2230.

([61]) Aithris 146, féach Fonóta 12, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2757.

([62]) Aithris 101, Féach fonóta 58.

([63]) lgh. IV-15, Imscrúduithe Uimh. 731-TA-1082-1083 (An Tríú hAthbhreithniú), https://www.usitc.gov/publications/701_731/pub5391.pdf.

(124) Ina theannta sin, chinn an Coimisiún sa tríú hathbhreithniú éaga go raibh an tionscal aigéid thrichlóraisicianúraigh faoi réir beartais sa tSín, ar an leibhéal náisiúnta ([64]) agus réigiúnach ([65]) araon, lena dtreoraítear feidhmiú na hearnála arb é is aidhm dóibh an acmhainneacht táirgeachta a mhéadú. An brainse den tionscal ceimiceán a tháirgeann ábhair ionchuir áirithe chun aigéad trichlóraisicianúrach a tháirgeadh, de réir Chatalóg Threorach 2019 maidir le Coigeartú Struchtúrach Tionscail, bhí sé srianta le haghaidh rannpháirtíocht eachtrach ([66]). Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur shaobh beartais agus srianta den sórt sin costais na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín.

(125) I bhfianaise an mhéid thuas agus i bhfianaise an mhéadaithe ar allmhairí i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ar phraghsanna dumpáilte an-íseal, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur comhlíonadh an ceanglas in Airteagal 11(3) den bhun-Rialachán, i.e. '*nach leor an beart atá ann cheana... a thuilleadh, chun gníomhú in aghaidh na dumpála*'.

(126) D'áitigh Hebei Jiheng Group, Heze Huayi agus Puyang Cleanway nach bhféadfaí a rá go réasúnta gur de chineál marthanach é an t-athrú ar imthosca maidir le dumpáil, féach aithris (14), agus iad ag maíomh nach raibh fianaise leordhóthanach curtha isteach ag na hiarratasóirí ar athrú ar líon tháirgeoirí na Síne atá ag onnmhairiú chuig an Aontas agus ar an ró-acmhainneacht líomhnaithe, agus iad ag áitiú thairis sin nach leor méadú ar allmhairí agus beartais rialtais ghinearálta agus neamhcheangailteacha áirithe chun go mbeadh athrú marthanach ar imthosca i gceist.

(127) Thug an Coimisiún dá aire nach raibh a thorthaí maidir le himthosca marthanacha a bhaineann le dumpáil a bheith ann bunaithe ar an iarraidh, ach ar thorthaí an imscrúdaithe, ar an macraileibhéal agus ar leibhéal na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha a rinne 72 % d'iomlán na n-onnmhairí a onnmhairiú chuig an Aontas le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Léirigh an t-imscrúdú go raibh méadú suntasach ar onnmhairí, ar líon na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin, ar an acmhainneacht táirgeachta, agus ar an acmhainneacht bhreise, féach aithrisí (121) go (123). Cé go bhféadfadh sé nach forais leordhóthanacha i gcónaí iad méadú ar onnmhairí nó beartais ábhartha rialtais a bheith ann, astu féin, chun imthosca marthanacha a bhaineann le dumpáil a chinneadh, sa chás sin thacaigh méid an mhéadaithe lena thorthaí mar a leagtar amach thuas. Dá réir sin, diúltaíodh do na hargóintí sin.

4. **BEARTA FRITHDHUMPÁLA**

(128) De bhun Airteagal 11(3) den bhun-Rialachán agus i gcomhréir le hAirteagal 9(4) den bhun-Rialachán, ba cheart dleacht frithdhumpála a fhorchur ar allmhairí an táirge lena mbaineann de thionscnamh na Síne ar leibhéal an chorrlaigh díobhála is lú ar a bhfuil na bearta atá i bhfeidhm bunaithe agus ar na corrlaigh dhumpála atá le fáil san athbhreithniú eatramhach reatha.

(129) Bhí baint ag BAI Kang le Jiheng, a bhfuil a corrlach aonair féin aige ó rinneadh an t-imscrúdú bunaidh in 2005, féach aithris (27). Bunaíodh BAI Kang in 2009, agus cuireadh tús leis an táirgeadh in 2010. Níor chuir BAI Kang é féin in iúl don Choimisiún riamh roimh an imscrúdú reatha, agus dá bhrí sin níl aon chorrlach díobhála aonair aige. Dá bhrí sin, déanfar corrlach díobhála Jiheng, mar thoradh ar an imscrúdú bunaidh, a fhorchur ar Jiheng agus Bai Kang araon mar an dleacht frithdhumpála chinntitheach, ós iad táirgeoirí onnmhairiúcháin Hebei Jiheng Group iad.

(130) San imscrúdú bunaidh in 2005, ní dhearnadh aon sampláil ó rinneadh imscrúdú ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch de chuid na Síne. Bhí an corrlach díobhála ar fud na tíre le haghaidh gach cuideachta de chuid na Síne bunaithe ar an gcorrlach díobhála is ísle a aimsíodh ([67]) ag an gcéim shealadach. Bhí an dleacht frithdhumpála chinntitheach bunaithe ar na corrlaigh dhumpála. San imscrúdú seo, áfach, dá bhforchuirfí an corrlach díobhála ar fud na tíre (60,6 %), arna ríomh san imscrúdú bunaidh mar an dleacht frithdhumpála, bheadh staid ann ina mbeadh an dleacht ar chuideachtaí neamh-chomhoibríocha níos ísle ná an dleacht le haghaidh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha. San imscrúdú bunaidh, bhí corrlaigh dhíobhála Jiheng agus Puyang Cleanway níos airde ná an ráta ar fud na tíre. Dá bhrí sin, d'fhorchuir an Coimisiún an ceann is airde den dá chorrlach díobhála a ríomhadh san imscrúdú bunaidh mar an ráta dleachta ar fud na tíre.

([64]) Aithris 75, Féach fonóta 12.
([65]) Aithris 76, Idem.
([66]) Féach fonóta 64.
([67]) Aithris 187, Rialachán (CE) Uimh. 538/2005.

(131) Ar bhonn a bhfuil thuas, ba cheart na dleachtrátaí frithdhumpála cinntitheacha, arna sloinneadh ar phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh an dleacht chustaim a íoc, a bheith mar a leanas:

Cuideachta	Corrlach dumpála (%)	Corrlach díobhála (%)	Dleacht frithdhumpála chinntitheach (%)
Hebei Jiheng Group (Hebei Jiheng Chemical Co. Ltd. agus Hebei Ji Heng Bai Kang Chemical Industry Co., Ltd)	164,2	62,6	62,6
Puyang Cleanway Chemicals Co. Ltd.	165,5	78,9	78,9
Gach cuideachta eile	201,3	78,9	78,9

(132) Chun na rioscaí maidir le himchéimniú a íoslaghdú de bharr na difríochta i ndleachtrátaí, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm na ndleachtanna frithdhumpála aonair a áirithiú. Ní mór do na cuideachtaí a bhfuil dleachtanna frithdhumpála aonair acu sonrasc tráchtála bailí a chur ar fáil d'údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo. Ba cheart allmhairí nach mbíonn sonrasc ag gabháil leo a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir le 'Gach cuideachta eile'.

(133) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc sin a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun na dleachtrátaí frithdhumpála aonair a chur i bhfeidhm maidir le hallmhairí, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má thugtar sonrasc d'údaráis chustaim na mBallstát a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo, ní mór dóibh a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an ráta níos ísle dleachta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.

(134) Má thagann méadú suntasach ar an méid onnmhairí a dhéanann ceann de na cuideachtaí a thairbhíonn de na dleachtrátaí aonair is ísle tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d'fhéadfaí a mheas gurb éard atá i méadú den sórt sin ann féin athrú ar an bpatrún trádála de bharr fhorchur na mbeart de réir bhrí Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán. Sna himthosca sin agus ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha, féadfar imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thionscnamh. Féadfar scrúdú a dhéanamh san imscrúdú sin, *inter alia*, ar an ngá atá le deireadh a chur le dleachtrátaí aonair agus ar an ngá le dleacht ar an leibhéal náisiúnta a fhorchur dá bharr sin.

(135) Tá feidhm ag na dleachtrátaí frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo go heisiach maidir le hallmhairí an táirge faoi athbhreithniú ar de thionscnamh na Síne é agus arna tháirgeadh ag na heintitis dhlítheanacha ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge faoi athbhreithniú arna dtáirgeadh ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach i gcuid oibríochtúil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis atá comhlachaithe leo siúd a luaitear go sonrach, ba cheart iad a bheith faoi réir an dleachtráta is infheidhme maidir le 'Gach cuideachta eile'. Níor cheart iad a bheith faoi réir aon cheann de na dleachtrátaí frithdhumpála aonair.

(136) Féadfaidh cuideachta a iarraidh go gcuirfí na dleachtrátaí frithdhumpála aonair sin i bhfeidhm má athraíonn sí ainm a heintitis ina dhiaidh sin. Ní mór an t-iarratas a chur chuig an gCoimisiún. Ní mór an fhaisnéis ábhartha uile a bheith inti ionas gur féidir a léiriú nach ndéanann an t-athrú difear do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi. Más amhlaidh nach ndéantar difear leis an athrú ar ainm na cuideachta do cheart na cuideachta tairbhiú den dleachtráta is infheidhme maidir léi, foilseofar rialachán maidir leis an athrú ainm in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

(137) Tugadh fógra do gach páirtí leasmhar faoi na bunfhíorais agus na bunbhreithnithe a raibh sé beartaithe ar a mbonn sin a mholadh go gcoinneofaí na bearta atá ann cheana ar bun agus go gcuirfí dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha ar allmhairí aigéid thríchlóraisicianúraigh ón tSín. Deonaíodh tréimhse dóibh freisin chun uiríll a dhéanamh tar éis dóibh an nochtadh a dhéanamh. Tugadh an aird chuí ar na barúlacha a chuir na páirtithe leasmhara isteach agus, i gcás inarb iomchuí, rinneadh na torthaí a mhodhnú dá réir.

(138) I bhfianaise Airteagal 109 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (105) ([68]), nuair atá méid le haisíoc tar éis breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, ba cheart go mbeadh an t-ús atá le híoc ag an ráta arna chur i bhfeidhm ag an mBanc Ceannais Eorpach chuig a phríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin, mar a fhoilsítear i sraith C d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh ar an gcéad lá féilire de gach mí.

(139) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bhunaítear le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear leis seo dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí aigéid thríchlóraisicianúraigh agus ullmhóidí de, dá dtagraítear freisin faoin ainm neamhdhílsithe idirnáisiúnta (INN) 'siomclóisín', a aicmítear faoi láthair faoi chóid AC ex 2933 69 80 agus ex 3808 94 20 (cóid TARIC 2933 69 80 70, 3808 94 20 20), agus ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad.

2. Is mar a leanas a bheidh rátaí na dleachta frithdhumpála cinntithí is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar an táirge a bhfuil tuairisc air i mír 1 agus arna tháirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Tír thionscnaimh	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála	Cód breise TARIC
Daon-Phoblacht na Síne	Hebei Jiheng Group (Hebei Jiheng Chemical Co. Ltd. agus Hebei Ji Heng Bai Kang Chemical Industry Co., Ltd.)	62,6 %	89XG
Daon-Phoblacht na Síne	Puyang Cleanway Chemicals Co. Ltd.	78,9 %	A628
Daon-Phoblacht na Síne	Gach cuideachta eile	78,9 %	A999

3. Beidh cur i bhfeidhm na ndleachtrátaí aonair a shonraítear le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar lena ainm agus lena fheidhm, arna dhréachtú mar a leanas: 'Déanaimse, mise a bhfuil mo shíniú leis seo, a dheimhniú maidir le (méid) (an táirge faoi athbhreithniú) a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach agus a chumhdaítear leis an sonrasc seo, gurbh é (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) a mhonaraigh é sa [tír lena mbaineann]. Dearbhaím gur iomlán agus gur ceart an fhaisnéis sa sonrasc seo.' Mura gcuirtear an sonrasc sin isteach, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach cuideachta eile.

4. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm leis na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

([68]) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1046/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Samhain 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN